Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Meán Fómhair 2020 (OR. en)**

**10953/20**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2020/0272(NLE)**

**UD 209**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Meán Fómhair 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 585 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais le linn an 66ú seisiún den Choiste um an gCóras Comhchuibhithe san Eagraíocht Dhomhanda Chustaim i ndáil leis an nglacadh atá beartaithe ar Thuairimí maidir le Rangú, cinntí maidir le Rangú, leasuithe ar Nótaí Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe nó comhairle eile maidir le léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe faoin gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 585 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 585 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.9.2020
COM(2020) 585 final

2020/0272 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais le linn an 66ú seisiún den Choiste um an gCóras Comhchuibhithe san Eagraíocht Dhomhanda Chustaim i ndáil leis an nglacadh atá beartaithe ar Thuairimí maidir le Rangú, cinntí maidir le Rangú, leasuithe ar Nótaí Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe nó comhairle eile maidir le léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe faoin gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Déanann an togra seo comhlánú ar an dréachtchinneadh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn an 66ú seisiún den Choiste um an gCóras Comhchuibhithe (CCC) den Eagraíocht Dhomhanda Chustaim i mí Mheán Fómhair 2020, a cuireadh faoi bhráid na Comhairle an 21 Lúnasa 2020 (COM(2020) 427).

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí

Is é is aidhm don Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí trádáil idirnáisiúnta, bailiú staitisticí agus déanamh comparáide agus anailíse ar staitisticí a éascú, go háirithe staitisticí a bhaineann le trádáil idirnáisiúnta. Áirítear leis mar Iarscríbhinn Ainmníocht an Chórais Chomhchuibhithe, córas idirnáisiúnta comhchuibhithe lena bhféadfaidh tíortha atá rannpháirteach earraí trádáilte a rangú ar bhonn coiteann chun críoch custaim. Go háirithe, áirítear le hAinmníocht CC tuairisc ar na hearraí, atá leagtha síos mar cheannteidil agus fo-cheannteidil, agus na cóid uimhriúla lena mbaineann, bunaithe ar chóras cóid 6-digit. Déantar athbhreithniú ar Ainmníocht CC gach cúig bliana[1]. Cuireann níos mó ná 190 lucht riaracháin an Ainmníocht sin i bhfeidhm; dá bharr sin, aicmítear níos mó ná 98% d'earraí trádáilte ar domhain dá réir.

Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Eanáir 1988.

Tá an tAontas Eorpach agus gach Ballstát de ina bpáirtithe sa Chomhaontú[2].

### 2.2. An Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (EDC)

An Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (EDC), a bunaíodh in 1952 mar an Chomhairle um Chomhar Custaim, is comhlacht idir-rialtasach neamhspleách í arb é is cuspóir léi éifeachtacht agus éifeachtúlacht na n-údarás Custaim a fheabhsú. Tá 183 údarás custaim ina mball di ar fud an domhain. Is í an Chomhairle í bord rialaithe EDC. Feidhmíonn an tAontas cearta agus oibleagáidí ar nós ballraíocht ad interim san Eagraíocht Dhomhanda Chustaim, go dtí go dtiocfaidh an leasú ar an gCoinbhinsiún lena mbunaítear Comhairle um Chomhar Custaim i bhfeidhm.

Is í Comhairle EDC bord rialaithe EDC, comhairle a bhraitheann ar inniúlacht agus ar scileanna Rúnaíochta agus ar réimse coistí teicniúla agus comhairleacha chun a misean a thabhairt i gcrích.

Is coiste teicniúil í an Coiste um an gCóras Comhchuibhithe (CCC) atá i gceannas ar obair ullmhúcháin a bhaineann le Coinbhinsiún CC. Seo iad príomhchúraimí an Choiste um an gCóras Comhchuibhithe:

- Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le Rangú nó comhairle eile a ullmhú mar threoraíocht faoi léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe, agus feidhmeanna eile den

1 Ó cuireadh tús leis in 1988, rinneadh athbhreithniú ar Ainmníocht CC faoi sé. Tháinig na leaganacha sin i bhfeidhm in 1996, 2002, 2007, 2012 agus 2017. Tiocfaidh an séú leagan athbhreithnithe di i bhfeidhm in 2022.

2 Cinneadh 87/369 ón gComhairle an 7 Aibreán 1987 maidir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí, agus an Prótacal lena ndéantar leasú air, a thabhairt i gcrích (IO L 198, 20.7.1987, lch.1).

chineál sin a fheidhmiú i ndáil leis an gCóras Comhchuibhithe mar a mheasann Comhairle EDC nó na Páirtithe Conarthacha a bheith riachtanach.

- Moltaí a ullmhú chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm théacsanna dlíthiúla an Chórais Chomhchuibhithe, lena n-áirítear díospóidí faoi rangú a réiteach idir Páirtithe Conarthacha, agus dá bhrí sin, trádáil a éascú;
- Leasuithe agus nuashonruithe ar an gCóras Comhchuibhithe a mholadh chun forbairtí sa teicneolaíocht agus athruithe i ngréasáin trádála a léiriú, chomh maith le riachtanais eile de chuid úsáideoirí an Chórais Chomhchuibhithe;
- Cur i bhfeidhm forleathan an Chórais Chomhchuibhithe a chur chun cinn, agus scrúdú a dhéanamh ar cheisteanna ginearálta agus cúrsaí beartais a bhaineann leis.

Níl ach aon vóta amháin idir an tAontas agus na Ballstáit le chéile sa Choiste um an gCóras Comhchuibhithe. Déantar cinntí i gCoiste CC, a bhaineann le cúrsaí a chumhdaítear leis an gcinneadh réime seo, de réir tromlach simplí.

De bhun Airteagal 8(2) de Choinbhinsiún CC, Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le Rangú, comhairle eile faoi léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe a ullmhaítear le linn seisiún de Choiste CC, meastar iad go léir a bheith faofa ag Comhairle EDC i gcás, nach déanaí ná deireadh an dara mí tar éis na míosa ar dúnadh an seisiún inar glacadh iad lena linn, i gcás nach bhfuil fógra ó aon Pháirtí Conarthach i gCoinbhinsiún CC tugtha d'Ard-Rúnaí na hEagraíochta Domhanda Custaim go n-iarann sé cúrsaí den chineál sin a thabhairt faoi bhráid Chomhairle EDC.

### 2.3. Na gníomhartha atá beartaithe

I gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Choinbhinsiún CC, tagann an Coiste um an gCóras Comhchuibhithe le chéile dhá uair sa bhliain de ghnáth. Go hiarbhír, bíonn cruinnithe de Choiste CC ar siúl i mí an Mhárta agus mí Mheán Fómhair.

An cinneadh atá beartaithe, baineann sé leis na gníomhartha seo a leanas, gníomhartha a mheas agus a ghlac an Coiste ar bhonn sealadach, faoi réir formheasa ó Chomhairle EDC trí "nós imeachta an tosta":

(a) Nótaí Míniúcháin lena dtugtar léirmhíniú ar na nótaí, na ceannteidil agus na fo-cheannteidil in Ainmníocht an Chórais Chomhchuibhithe,

(b) Tuairimí maidir le Rangú, lena léirítear na cinntí a dhéanann an Coiste um an gCóras Comhchuibhithe a mhéid a bhaineann le táirgí sonracha a rangú,

(c) Comhairle agus moltaí eile a bhaineann le hearraí a rangú in Ainmníocht an Chórais Chomhchuibhithe, ar nós cinntí maidir le rangú agus treoir eile atá glactha ag an gCoiste um an gCóras Comhchuibhithe.

I gcomhréir le hAirteagal 34 7.(a)(iii) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais[3], déanfaidh údaráis chustaim na mBallstát a gcinntí maidir le faisnéis taraife cheangailteach (cinntí FTC) a chúlghairm i gcás nach bhfuil siad ag luí a thuilleadh leis an léirmhíniú ar Ainmníocht CC mar thoradh ar chinntí maidir le rangú, tuairimí maidir le rangú nó leasuithe ar na nóta míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht CC, le héifeacht ó dháta foilsithe na Teachtaireachta ón gCoimisiún i sraith "C" *d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

[3] IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.

## 3. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais

### 3.1. Srianta praiticiúla maidir le hullmhú agus glacadh na seasamh ón Aontas

Glacann an Coiste um an gCóras Comhchuibhithe d'EDC le Tuairimí maidir le Rangú, leasuithe ar Nótaí Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe (NMCC) nó comhairle eile maidir le léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe faoin gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe le linn gach ceann dá dhá chruinniú bhliantúla.

Ó thaobh na praiticiúlachta de, is iondúil nach mbíonn dóthain ama ag an Aontas chun seasamh a ghlacadh go foirmiúil faoi Airteagal 218(9) CFAE roimh gach cruinniú CCC. Dá bhrí sin, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh réime ón gComhairle maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais san Eagraíocht Dhomhanda Chustaim maidir le cúrsaí CC[4] agus tá an togra ar feitheamh sa Chomhairle faoi láthair.

De dheasca ráigeanna COVID – 19, áfach, tá curtha in iúl ag Rúnaíocht EDC go reáchtálfar an cruinniú i mí Mheán Fómhair 2020 trí phlé i scríbhinn ar líne.

D'ainneoin nach raibh clár oibre an chruinnithe sin ar fáil go fóill, agus nach raibh an eagraíocht agus formáid an phlé ar eolas go fóill, maidir le hítimí a bhí ar chlár oibre an chruinnithe roimhe sin (CCC/65 – Márta 2020), cruinniú a chuir EDC ar ceal de dheasca na paindéime domhanda, bhíothas ag súil go gcuirfear san áireamh iad i gclár oibre an chruinnithe a bheidh ar siúl i mí Mheán Fómhair. Chuige sin, ullmhaíodh an chéad dréachtchinneadh ón gComhairle agus cuireadh chuig an gComhairle é (COM(2020) 427).

Chuir EDC ord nua ar dhátaí agus ar chlár oibre chruinniú Choiste CC, a reáchtálfar go fíorúil ón 28/9 go dtí an 30/10, agus clúdófar ann den chuid is mó obair Fhochoiste Athbhreithnithe Fhíorúil EDC ar tháinig deireadh léi an 21 Lúnasa agus roinnt ítimí a áirítear cheana sa chéad dréachtchinneadh a cuireadh faoi bhráid na Comhairle, agus tá na hítimí uile eile sa chéad dréachtchinneadh sin curtha siar go dtí an chéad seisiún CCC eile. I bhfianaise líon na n-ítimí a n-iarrtar ar CCC cinneadh a dhéanamh ina leith ag an gcruinniú sin, agus na héifeachtaí dlíthiúla ceangailteacha ar dhlí an Aontais atá leo, meastar go bhfuil gá leis an dara cinneadh ón gComhairle faoi Airteagal 218(9) CFAE, lena ndéantar comhlánú ar an gcéad chinneadh agus lena mbunaítear seasamh an Aontais maidir leis na hítimí sin, ítimí a n-iarrfar ar CCC cinneadh a dhéanamh ina leith (i.e. Nótaí Míniúcháin, tuairimí agus cinntí maidir le rangú, treoir nó comhairle eile maidir le léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe).

### 3.2. Cuspóir agus ábhar an togra

Na cinntí faoi chaibidil a ullmhaíonn an Coiste um an gCóras Comhchuibhithe, d'fhéadfadh na cinntí sin tionchar cinniúnach a imirt ar dhlí an Aontais, is é sin, Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim, agus an Ainmníocht Chomhcheangailte (AC) a ghabhann leis. Úsáidtear cinntí maidir le rangú, tuairimí nó leasuithe maidir le rangú ar na nótaí míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht an Chórais Chomhchuibhithe chun tacú leis an rangú dá bhforáiltear i Rialacháin Cur Chun Feidhme an Choimisiúin maidir le rangú earraí in AC, sna nótaí míniúcháin a ghabhann le AC agus sna cinntí maidir le rangú arna n-eisiúint ag údaráis chustaim na mBallstát. Tá ceanglas ar údaráis chustaim na mBallstát a gcinntí féin maidir le rangú a chúlghairm i gcás nach bhfuil siad ag luí a thuilleadh leis an léirmhíniú in Ainmníocht an Chórais Chomhchuibhithe mar thoradh ar na cinntí sin maidir le rangú, na tuairimí sin maidir le rangú, nó leasuithe ar Nótaí Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe.

[4] COIM(2020)196

Is iomchuí, dá bhrí sin, go mbunaítear an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais san Eagraíocht Dhomhanda le Cinneadh ón gComhairle a glacadh faoi Airteagal 218(9) CFAE ar bhonn togra ón gCoimisiún.

Is iad na critéir ghinearálta a shainítear i gCoinbhinsiún CC (na rialacha ginearálta maidir le léirmhíniú an Chórais Comhchuibhithe) agus gnéithe agus saintréithe oibiachtúla na n-earraí a thug treoir do bhunú seasaimh den chineál sin.

Is é is aidhm don seasamh atá beartaithe seasamh an Aontais a chur in iúl maidir le rangú earraí in Ainmníocht an Chórais Chomhchuibhithe. Is é is aidhm dó freisin seasamh a chur in iúl i ndáil le Tuairimí maidir le Rangú agus Nótaí Míniúcháin CC a ullmhaíonn an Coiste um an gCóras Comhchuibhithe.

Rinneadh an comhairliúchán le saineolaithe teicniúla ó Bhallstáit sa Sainghrúpa Custaim ón 2 go dtí an 7 Meán Fómhair 2020. Tá conclúidí an tSainghrúpa Custaim i gcomhréir leis na seasaimh a mholtar, seasaimh atá ar fáil san Iarscríbhinn a ghabhann leis an dréacht-togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle.

An seasamh atá beartaithe ag an Aontas Eorpach, tá sé i gcomhréir le beartas Custaim seanbhunaithe agus le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun earraí a rangú ag an bpointe allmhairithe de réir a ngnéithe agus a sainghnéithe oibiachtúla.

Tá gá leis an seasamh atá beartaithe le gur féidir leis an Aontas Eorpach seasamh a chur in iúl ag an gcéad chruinniú eile den Choiste um an gCóras Comhchuibhithe.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Na prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos *'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.*'

Áirítear ar na *'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo'* gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear air freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[5].

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atáthar a mholadh lena mbunaítear an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais san Eagraíocht Dhomhanda Chustaim, maidir le glacadh Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le Rangú agus comhairle eile mar threoraíocht le haghaidh léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe faoin gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe.

### 4.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Is comhlachtaí iad an Coiste um an gCóras Comhchuibhithe agus Comhairle EDC a bunaíodh le comhaontú, is é sin an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí.

5 Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, An Ghearmáin v an Chomhairle, Cás C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo atá sna gníomhartha a iarrtar ar an gCoiste um an gCóras Comhchuibhithe iad a ullmhú. Na gníomhartha atá beartaithe, ar fhormheas a fháil ó Chomhairle EDC, d'fhéadfadh na cinntí sin tionchar cinniúnach a imirt ar a bhfuil i reachtaíocht an Aontais, is é sin: Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim. Is amhlaidh atá mar luaitear in Airteagal 34.7.(a)(iii) de Chód Custaim an Aontais [6] go "*ndéanfaidh na húdaráis chustaim cinntí FTC*[7] *a chúlghairm... i gcás nach mbeidh siad ag luí a thuilleadh le léiriú... atá mar thoradh ar... cinntí maidir le rangú, tuairimí nó leasuithe maidir le rangú ar na nótaí míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht na Tuairisce Comhchuibhithe Tráchtearra agus an Chórais um Chódú, a ghlac an Eagraíocht a bhunaigh an Coinbhinsiún lena mbunaítear Comhairle Comhair Custaim [an Coiste um an gCóras Chomhchuibhithe];"*. Thairis sin, is é an Coiste a ullmhaíonn cinntí den chineál sin (cinntí maidir le rangú, tuairimí nó leasuithe ar na nótaí míniúcháin a ghabhann le hAinmníocht an Chórais Chomhchuibhithe) chun tacú leis an rangú dá bhforáiltear i Rialacháin Cur Chun Feidhme an Choimisiúin maidir le rangú earraí san Ainmníocht Chomhcheangailte (AC), sna nótaí míniúcháin a ghabhann le AC agus sna cinntí maidir le rangú arna n-eisiúint ag údaráis chustaim na mBallstát. Leis an ngníomh atá beartaithe, ní fhorlíontar creat institiúideach an Chomhaontaithe ná ní leasaítear é.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

### 4.3. Bunús dlí substainteach

#### *4.3.1. Na prionsabail*

An bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, eadhon an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

#### *4.3.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is iad Airteagal 31, Airteagal 43(2) agus Airteagal 207(4) CFAE is bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe, mar go mbaineann an príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gComhtharaif chustaim.

### 4.4. Conclúid

Is iad Airteagal 31, Airteagal 43(2) agus Airteagal 207(4) CFAE, i dteannta Airteagal 218(9) CFAE, ba cheart a bheith ina mbunús dlí le haghaidh an chinnidh atáthar a mholadh.

## 5. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht ag an togra do bhuiséad an Aontais Eorpaigh.

---

[6] Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, IO L 269, 10.10.2013, lch. 1.

[7] Faisnéis taraife cheangailteach: cinntí maidir le rangú ó na húdaráis chustaim nó oibreoirí eacnamaíocha a dhéantar roimh ré, chun deimhneacht dhlíthiúil a chinntiú faoi rangú agus láimhseáil taraife is infheidhme maidir le hearraí faoi réir allmhairithe nó onnmhairithe.

## 6. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Gan ann dóibh

2020/0272 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais le linn an 66ú seisiún den Choiste um an gCóras Comhchuibhithe san Eagraíocht Dhomhanda Chustaim i ndáil leis an nglacadh atá beartaithe ar Thuairimí maidir le Rangú, cinntí maidir le Rangú, leasuithe ar Nótaí Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe nó comhairle eile maidir le léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe faoin gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe**

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 31, Airteagal 43(2) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 87/369/CEE ón gComhairle[8] d'fhormheas an tAontas an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí, agus an Prótacal lena ndéantar leasú air[9] (Coinbhinsiún CC), rud a bhunaigh an Coiste um an gCóras Comhchuibhithe (CCC).

(2) De bhun Airteagal 7(1) b) agus c) de Choinbhinsiún CC, tá CCC, inter alia, freagrach as Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le Rangú, comhairle eile faoi léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe a ullmhú.

(3) Táthar ag súil go ndéanfaidh an Coiste um an gCóras Comhchuibhithe den EDC cinneadh i ndáil le Tuairimí maidir le Rangú, cinntí maidir le rangú, leasuithe ar Nótaí Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe nó comhairle eile maidir le léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe faoin gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe le linn an chruinnithe i mí Mheán Fómhair.

(4) Tá sé tábhachtach a mheabhrú go mbeidh an critéar cinntitheach maidir le rangú earraí, chun críche custaim, á lorg ina ngnéithe agus a sainghnéithe oibiachtúla mar a shainítear i bhfoclaíocht na gceannteideal ábhartha san ainmníocht chustaim agus i nótaí na Roinne agus na Caibidle ábhartha, de réir cásdlí socair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus fíorú réidh.

---

8 Cinneadh 87/369/CEE ón gComhairle an 7 Aibreán 1987 maidir leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí, agus an Prótacal lena ndéantar leasú air, a thabhairt i gcrích (IO L 198, 20.7.1987, lch. 1).

9 IO L 198, 20.7.1987, lch. 3

(5) I dtaca leis na Tuairimí maidir le Rangú, cinntí maidir le rangú, leasuithe ar Nótaí Míniúcháin an Chórais Chomhchuibhithe nó comhairle eile maidir le léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe faoin gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe, is iomchuí an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais a bhunú, mar, a luaithe a ghlacfar leo, foilseofar na Tuairimí maidir le Rangú, cinntí áirithe maidir le rangú agus leasuithe ar Nótaí Míniúcháin CC sa Teachtaireacht ón gCoimisiún faoi airteagal 34 mír 7 a) iii) de Rialachán (AE) 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013, agus tiocfaidh siad chun bheith infheidhme sna Ballstáit uile. Cuirfear an seasamh in iúl ag an gCoiste um an gCóras Comhchuibhithe.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach san Iarscríbhinn an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais le linn an 66ú seisiún den Choiste um an gCóras Comhchuibhithe (CCC) den Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (EDC) i ndáil le Nótaí Míniúcháin, Tuairimí maidir le Rangú nó comhairle eile faoi léirmhíniú an Chórais Chomhchuibhithe a fhormheas agus moltaí chun aonfhoirmeacht a chinntiú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chórais Chomhchuibhithe faoin gCoinbhinsiún ar an gCóras Comhchuibhithe.

*Airteagal 2*

Féadfaidh ionadaithe an Aontais teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe teicniúla ar an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 gan an Chomhairle cinneadh eile a dhéanamh.

*Airteagal 3*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*